C/2024/3843

14.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11286 – NREP / NOVO HOLDINGS / INDUSTRIENS PENSIONFORSIKRING / DSB EU / JERNBANEBYEN HOLDING JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3843)

1. An 7 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— NREP AB ('NREP', an tSualainn) atá faoi rialú NERP A/S (an Danmhairg),

— Novo Holdings A/S ('Novo Holdings', an Danmhairg) atá faoi rialú Novo Nordisk Foundation (an Danmhairg),

— Industriens Pensionsforsikring A/S ('Industriens Pension', an Danmhairg) atá faoi rialú Industripension Holding A/S (an Danmhairg),

— DSB Ejendomsudvikling A/S ('DSB EU', an Danmhairg) atá faoi rialú DSB (an Danmhairg),

— Jernbanebyen Holding K/S (an 'Comhfhiontar').

Gheobhaidh Novo Holdings, Industriens Pension agus DSB EU rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gComhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— NREP: infheistiú, oibriú agus forbairt réadmhaoine a dhéanann bainisteoirí cistí sna tíortha Nordacha,

— Novo Holdings: infheistiú in eolaíochtaí beatha, i mbonneagar ardchaighdeáin, i réadmhaoin nua-aimseartha agus inbhuanaithe,

— Industriens Pension: cuideachta pinsean ceirde,

— DSB EU: réadmhaoin atá faoi úinéireacht DSB, gnóthas iarnróid de chuid na Danmhairge atá faoi úinéireacht stáit, a dhíol, a fhorbairt agus a ligean ar cíos.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gComhfhiontar: spás ar cíos a fhorbairt agus a oibriú in Jernbanebyen, Cóbanhávan.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OI C 160, 5 Bealtaine 2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11286 – NREP / NOVO HOLDINGS / INDUSTRIENS PENSIONFORSIKRING / DSB EU / JERNBANEBYEN HOLDING JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË